Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**
**2015**

# Stair

Aonad 1: Grinnstaidéir
Ardsraith

GHY12

## [GHY12]
## DÉ LUAIN 1 MEITHEAMH, MAIDIN

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **ceithre** cheist: **dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe** i Roinn A **agus dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe** i Roinn B.

Thig leat tuilleadh leathanach a iarraidh le do fhreagraí a chríochnú má tá siad de dhíth ort.
Ceangail na leathanaigh seo den leabhrán agat leis an scorán comhaid atá ar fáil, le do thoil.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gcodanna **(b)**, **(c)** agus **(d)** de na ceisteanna uilig.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

LEATHANACH BÁN

**Ná** freagair **ach ceithre** cheist

**Roinn A**

Freagair **dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe**

| **ROGHANNA** | | **Leathanaigh** |
|---|---|---|
| **Rogha 1:** | An Ghearmáin, 1918–1941 | 4–5 |

**Roinn B**

Freagair **dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe**

| | | |
|---|---|---|
| **Rogha 5:** | Caidreamh ag Athrú:<br>An Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Éire, 1965–1985 | 6–7 |

## Roinn A

Freagair **dhá** cheist as d'ábhar roghnaithe.

### Rogha 1: An Ghearmáin, 1918–1941

Freagair **dhá** cheist ar bith.
Ba chóir duit na codanna uilig den cheist a fhreagairt.

**1 Iarmhairtí an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus Poblacht Weimar is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** éifeacht mar gheall ar an Spealadh Mór ar mhuintir na Gearmáine idir 1929 agus Eanáir 1933. [2]

**(b)** Cad é mar a rinne Hitler agus na Naitsithe iarracht tacaíocht a ghnóthú sa Ghearmáin idir 1919 agus 1923? [5]

**(c)** Cad é mar a chuidigh gníomhartha pholaiteoirí Weimar le Hitler a bheith mar Sheansailéir na Gearmáine faoi Eanáir 1933? [6]

**(d)** Mínigh cad é mar a chuaigh athruithe sa gheilleagar i bhfeidhm ar an Ghearmáin ó 1919 go 1924. Déan tagairt do na treoirlínte i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Éifeachtaí geilleagracha mar gheall ar Chonradh Versailles agus hipearbhoilsciú
- Polasaithe de chuid Gustav Stresemann. [12]

**2 An Ghearmáin Naitsíoch, 1933–1939, is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** bheart a chuir na Naitsithe i bhfeidhm in 1933 leis an chumhacht acu a dhaingniú. [2]

**(b)** Cad iad na dóigheanna a ndearna na Naitsithe iarracht geilleagar na Gearmáine a fheabhsú idir 1933 agus 1939? [5]

**(c)** Cad é mar a d'athraigh Hitler agus na Naitsithe saol na mban idir 1933 agus 1939? [6]

**(d)** Mínigh cad é mar a chuaigh polasaithe na Naitsithe i bhfeidhm ar na heaglaisí agus ar shaol na nGiúdach sa Ghearmáin idir 1933 agus 1939. Déan tagairt do na treoirlínte i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Bearta i leith na n-eaglaisí
- Dlíthe agus gníomhartha i leith na nGiúdach. [12]

**3 Polasaithe na Naitsithe agus Gníomhartha san Eoraip, 1933–1941, is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** aidhm ag polasaí eachtrach na Naitsithe. [2]

**(b)** Cad é mar a bhí na Naitsithe ábalta seilbh a ghlacadh ar an Sudetenland in 1938? [5]

**(c)** Cad é mar a sháraigh Hitler téarmaí Chonradh Versailles idir 1933 agus 1936? [6]

**(d)** Mínigh cad é mar a bhí Hitler ábalta smacht na Gearmáine san Eoraip a mhéadú idir 1939 agus 1941. Déan tagairt do na treoirlínte i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- An Comhaontú Naitsí-Shóivéadach agus ionradh ar an Pholainn, 1939
- Rath míleata na Gearmáine san Eoraip agus an t-ionradh ar APSS (*USSR*) i Meitheamh 1941. [12]

## Roinn B

### Rogha 5: Caidreamh ag Athrú:
### An Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Éire, 1965–1985

Freagair **dhá** cheist ar bith.
Ba chóir duit na codanna uilig den cheist a fhreagairt.

**13 Tuaisceart Éireann sna 1960idí agus a Chaidreamh le Poblacht na hÉireann is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** ghníomh a rinne aontachtaithe le cur in aghaidh mórshiúlta ar son cearta sibhialta i dTuaisceart Éireann sna 1960idí. [2]

**(b)** Cad é mar a rinne O'Neill iarracht caidreamh le náisiúnaithe i dTuaisceart Éireann a fheabhsú sna 1960idí? [5]

**(c)** Cad iad na dóigheanna a ndearna O'Neill iarracht geilleagar Thuaisceart Éireann a fheabhsú sna 1960idí? [6]

**(d)** Mínigh cad chuige agus cad é mar a thacaigh náisiúnaithe le gluaiseacht na gceart sibhialta i dTuaisceart Éireann go mall sna 1960idí. Déan tagairt do na treoirlínte i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Fáthanna le tacaíocht a thabhairt do ghluaiseacht na gceart sibhialta
- Gníomhartha de chuid Chumann Cearta Sibhialta Thuaisceart Éireann (CCSTÉ) (*NICRA*) agus Dhaonlathas an Phobail (DP)(*PD*). [12]

**14 Géarú ar Chorraíl Pholaitiúil agus Shibhialta is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Tabhair **dhá** fháth ar chuir Rialtas na Breataine trúpaí go Tuaisceart Éireann i Mí Lúnasa 1969. [2]

**(b)** Cad é mar a d'athraigh aidhmeanna agus modhanna an IRA idir 1969 agus 1972? [5]

**(c)** Cad é mar a d'fhreagair náisiúnaithe d'imeachtaí Dhomhnach na Fola agus do thabhairt isteach Riail Dhíreach in 1972? [6]

**(d)** Mínigh cad chuige agus cad é mar a d'fhreagair náisiúnaithe agus aontachtaithe d'imtheorannú suas go dtí Mí Eanáir 1972. Déan tagairt do na treoirlínte i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Dearcthaí náisiúnaithe agus aontachtaithe
- Gníomhartha náisiúnaithe agus aontachtaithe. [12]

**15 Réiteach á Lorg is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** fháth le cumhachtroinnt a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann in 1973 agus in 1974. [2]

**(b)** Cad iad na dóigheanna ar fhreagair aontachtaithe i dTuaisceart Éireann don Chomhaontú Angla-Éireannach 1985? [5]

**(c)** Cad é mar a chuir daoine i dTuaisceart Éireann in aghaidh an Choiste Feidhmiúcháin cumhachtroinnte in 1973 agus 1974? [6]

**(d)** Mínigh cad chuige a ndeachaigh príosúnaigh phoblachtacha ar stailc ocrais agus cad é mar a d'fhreagair daoine i dTuaisceart Éireann do na Stailceanna Ocrais in 1980 agus 1981. Déan tagairt do na treoirlínte i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Fáthanna leis na Stailceanna Ocrais in 1980 agus 1981
- Freagairtí náisiúnaithe agus aontachtaithe. [12]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.